

Gaeilge ABC

Oifigeach Pleanála Teanga

An Post

Beidh an duine a cheapfar ionnaithe in oifigí

Gaeilge ABC in Áras Mhic Amhlaigh i gCnoc na Cathrach.

Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúramí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth-uaireanta oibre mar chuid de na cúramí sin. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail ó €35,000 go €50,000 ag gabháil leis an bpost chomh maith le scéim phinsin.

Sonrai

Tá an pleán teanga don LPT le fáil ar shuíomh gréasáin ag <http://ptbc.ie/wp-content/uploads/2020/06/Dréacht-PTBC-8-Meitheamh.pdf>

agus na sonraí poist a théann leis an bpost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le

Stiúrthóir **Gaeilge ABC**

Iarratas

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh **21/2/2023** chuig:

An Stiúrthóir, **Gaeilge ABC**

Áras Mhic Amhlaigh,
Cnoc na Cathrach,
Gaillimh

0876799346

GaeilgeABC@gmail.com

Tá post mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag **Gaeilge ABC**

Is é **Gaeilge ABC** i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta atá freagrach as an bpleán teanga do LPT Bhearna agus Chnoc na Cathrach a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an pleán mar chuid den bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Is pleán seacht mbliana atá i gceist a bhfuil d'aidhm aige cur leis an lín cainteoirí laethúla Gaeilge sa LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an pleán a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint agus d'fhéadfadh go gcuirfí leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bhearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag **Gaeilge ABC** agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Duine cumasach a bhfuil taithí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratas ó dhaoine leis an taithí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéil agus / nó taithí sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.
- Scileanna maithe cumarsáide, ásisitheoreachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Taithí i mbainistiú foireann oibre
- Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

